

# Bliain a Dó

## LÁMHLEABHAR AN MHÚINTEORA

An 2ú Bliain

DRÉACHT





<b>Clár</b>	<b>Lch</b>
<b>Réamhrá</b>	3
<b>Ord molta</b>	5
<b>Roinn 1</b>	Snáithe 3 (Tomhas feidhmeach) 9
<b>Roinn 2</b>	Snáithe 4 (Patrúin, ailgéabar) 10
<b>Roinn 3</b>	Snáithe 3 (Uimhríocht fheidhmeach agus tomhas feidhmeach) 12
<b>Roinn 4</b>	Snáithe 4 (Ailgéabar) 15
<b>Roinn 5</b>	Snáithe 2 (Teoirim Phíotagarás) 20
<b>Roinn 6</b>	Snáithe 2 (Céimseata chomhordanáideach) 21
<b>Roinn 7</b>	Snáithe 3 (Tacair) 26
<b>Roinn 8</b>	Snáithe 1 (Dóchúlacht agus Staitisticí) 27
<b>Roinn 9</b>	Snáithe 2 (Céimseata Shintéiseach 1) 35
<b>Roinn 10</b>	Snáithe 2 (Céimseata chlaohlaithe) 44
<b>Roinn 11</b>	Snáithe 2 (Céimseata Shintéiseach 2) 47
<b>Roinn 12</b>	Snáithe 3 (Cóimheas agus comhréir) 51
<b>Roinn 13</b>	Snáithe 2 (Triantánacht) 52
<b>Aguisín A</b>	<b>Céimseata: Na leibhéal Dhifriúla Smaoinimh</b> 55
	<b>Teoiric Van Hiele</b>
<b>Aguisín B</b>	<b>Treoir: Teoirimí, Aicsímí &amp; Tógálacha do gach Leibhéal</b> 58
<b>Aguisín C</b>	<b>CensusAtSchool a Úsáid</b> 63

## Réamhrá

### Daltaí ag Foghlaim

Cé gur do mhúinteoirí an Lámhleabhar seo, mar sin féin is ar Fhoghlaim an Dalta agus ar na próisis atá i gceist sa smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus i gcothú na tuisceana a dhíríonn sé go príomha.

**Baintear oiread leas agus is féidir as an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun tacú le**

**Foghlaim na nDaltaí. Aon áit a bhfuil an tsiombail  le feiceáil sa doiciméad, sin leid go bhfuil modúl idirghníomhach Teicneolaíochta Faisnéise ar CD an Dalta a dhíríonn ar an ngné sin.**

### Daltaí a bhfuil míchumas Foghlama ginearálta éadrom orthu

Mar eolas do mhúinteoirí daltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom orthu, tá Treoirlínte CNCM sa mhatamaitic le fáil ag [http://www.ncca.ie/uploadedfiles/PP\\_Maths.pdf](http://www.ncca.ie/uploadedfiles/PP_Maths.pdf)

Gheofar sa doiciméad

- ❖ Cur chuige agus Modheolaíochtaí (ó Lch 4)
- ❖ Eiseamláirí (ó Lch 20).

### Nóta faoin gCúrsa Tosaigh Coiteann

I lámhleabhar bhliain a haon gheofar ord molta teagaise do dhaltá Bhliain a hAon. San áireamh ansin tá an Cúrsa Tosaigh Coiteann, íoschúrsa do dhaltá bhliain a haon, mar aon le ranna eile de shiollabas an Teastais Shóisearaigh a mbeadh múinteoirí ag iarraidh déileáil leo i mbliain a haon. Cuireadh “**CTC**” leis na ceachtanna sin a bhfuil ábhar iontu atá sa **Chúrsa Tosaigh Coiteann**.

### Ábhar ardleibhéil

Ábhar a bhaineann leis an **ardleibhéal** amháin, tá sé i gcló **trom**.

## Nóta faoi amscála na scrúduithe ar bhonn náisiúnta

Scrúdófar Snáitheanna 1 agus 2 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2013 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2012

Scrúdófar Snáitheanna 1, 2, 3, agus 4 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2014 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2013

Scrúdófar Snáitheanna 1, 2, 3, 4 agus 5 den chéad uair i Scrúdú Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2015 agus i Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta 2014

### Nótáil: Beidh Sintéisiú agus réiteach fadhbanna, mar atá luaite thíos, le hionchorprú sna Snáitheanna uile.

Is as Snáithe 1 den siollabas don liosta scileanna thíos, ach tá liostaí eile den chineál céanna sa siollabas, i ndeireadh gach Snáithe ar leith, i.e 2.5, 3.5, 4.5, 5.3.

Foghlaimíonn na daltaí	Beidh na daltaí in ann
1.8 Sintéisiú agus scileanna réitithe fadhbanna	<ul style="list-style-type: none"> <li>- patrúin a chíoradh agus buillí faoi thuairim a fhoirmlíú</li> <li>- torthaí a mhíniú</li> <li>- údar a thabhairt le tátail</li> <li>- matamaitic a chur in iúl ó bhéal agus i scríbhinn</li> <li>- a gcuid eolais agus scileanna a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna a bhfuil taithí acu orthu agus i gcomhthéacsanna nach bhfuil taithí acu orthu</li> <li>- anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a chuirtear ina láthair i bhfocail agus í a aistriú go foirm mhatamaiticiúil</li> <li>- samhlacha, foirmlí nó teicnící matamaiticiúla cuí a cheapadh, a roghnú agus a úsáid chun faisnéis a phróiseáil agus chun tátail ábhartha a bhaint.</li> </ul>

### An dathchódú san ord molta topaicí :

<b>Snáithe 1</b> Staitistic agus Dóchúlacht	<b>Snáithe 2</b> Céimseata shintéiseach, chomhordonáideach & chlaochlaithe & Triantánacht	<b>Snáithe 3</b> Uimhreas	<b>Snáithe 4</b> Ailgéabar	<b>Snáithe 5</b> Feidhmeanna

**Ord molta agus na topaicí á dteagasc**

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	An líon tréimhsí ranga molta
<b>Roinn 1</b>	3.4 Uimhríocht Fheidhmeach	2.1	Uimhríocht Fheidhmeach1	5
<b>Roinn 2</b>	4.1,4.2,4.3,4.4	2.2	Coibhnis líneacha & chearnacha: cur chuige a úsáideann táblaí, léaráidí, graif agus foirmlí	10
<b>Roinn 3</b>	3.3	2.3	An Uimhríocht Fheidhmeach – Mata an Airgeadais	10
	3.4	2.4	Uimhríocht Fheidhmeach 2 – achar agus toirt	6
	3.2	2.5	Rialacha na séan a iniúchadh	3
<b>Roinn 4</b>	4.	2.6	Súil siar ar Ailgéabar bhliain a haon	4
	4.6	2.7	Fachtóirí	8
	4.6	2.8	Codáin ailgéabracha a shuimiú	2
	4.7	2.9	Cothromóidí líneacha, éagothromóidí líneacha agus cothromóidí líneacha comhuaineacha	8
	4.7	2.10	Cothromóidí cearnacha a réiteach	5
<b>Roinn 5</b>	2.1	2.11	Buneolas ar Theoirim Phíotagarás (Teoirim 14)	2

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	An líon tréimhsí ranga molta
<b>Roinn 6</b>	2.3	2.12	Súil siar ar Chéimseata Chomhordanáideach bhliain a haon	1
		2.13	Lárphointe mírlíne	2
		2.14	Fad mírlíne	2
		2.15	Fána líne	2
		2.16	Cothromóid líne	4
		2.17	Línte ag trasghearradh	3
<b>Roinn 7</b>	3.5	2.18	Tacair	4
<b>Roinn 8</b>	1.1, 1.2, 1.3	2.19	Dóchúlacht – súil siar ar ábhar bhliain a haon	3
		2.20	2 theagmhas - 2 dhíse a chaitheamh in airde (táblaí 2 threo)	3
		2.21	2 theagmhas - 2 bhonn a chaitheamh in airde (táblaí 2 threo + léaráidí crainn) Cásanna eile cosúil leo	3
		2.22	An dóchúlacht nuair is cártaí imeartha, rothlóirí, agus araile atá i gceist.	2
	1.4 & 1.5	2.23	Staitisticí – ag tógáil ar ábhar bhliain a haon	5
		2.24	An ciogal láimhseála sonraí - sonraí catagóireacha	4

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	An líon tréimhsí ranga molta
		2.25	An ciogal láimhseála sonraí – sonraí uimhriúla	5
		2.26	Léirithe grafacha difriúla ar shonraí a léirmhíniú, agus a n-éifeachtúlacht a mheas	2
<b>Roinn 9</b>	2.1 Céimseata Shintéiseach1	2.27 ( 1.12 & 1.13)	T&F 5 agus 6 Plánaí agus pointí agus Buneolas ar uillinneacha (Súil siar)	1
		2.28 (1.14 & 1.15)	Uillinneacha a thomhas, Teoirim 1 (Súil siar)	1
		2.29 (1.16 agus 1.17)	Compás a úsáid, Tógálacha 8 & 9 (Súil siar)	1
		2.30 (1.18)	Tógálacha 5 &6 (Súil siar) agus <b>Tógáil 7 (AL amháin)</b>	2
		2.31 (1.26)	Tógálacha 10 agus 11 (Súil siar)	2
		2.32 (1.27 & 1.28)	Tógáil 12 & Teoirim 2 (Súil siar)	2
		2.33 (1.29& 1.30)	Teoirimí 3,4,5,&6 (Súil siar)	2
		2.34 (1.31)	Tógálacha 1 ,2 , 3 & 4 (Súil siar)	1

Roinn	Snáithe	Ceacht	Smaoineamh an Cheachta	An líon tréimhsí ranga molta
<b>Roinn 10</b>	2.2 Céimseata chlaochlaithe	2.35	Aistrithe	2
		2.36 (1.19)	Siméadracht Aiseach (Súil siar cuid de)	2
		2.37 (1.20)	Siméadracht lárnach (Súil siar cuid de)	2
<b>Roinn 11</b>	2.1 Céimseata Shintéiseach 2	2.38	Comhthreomharáin agus Teoirim 9	2
		2.39	Comhthreomharáin, Teoirim 10	2
		2.40	Ceathairshleasáin a iniúchadh	2
<b>Roinn 12</b>	3.3	2.41	Cóimheas agus comhréir	5
<b>Roinn 13</b>	2.4	2.42	Súil siar ar Theoirim Phótagarás 14	1
		2.43	Léaráidí scálaithe (T&F 8: Buneolas ar an Triantánacht)	2
		2.44	Cóimheasa triantánúla (T&F 8: Buneolas ar an Triantánacht)	5



## Roinn 1 Snáithe 3

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.1

Cúig thréimhse ranga

#### Teideal

Uimhríocht Fheidhmeach 1

#### Acmhainní


CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Aonaid tomhais agus ama a ríomh, a léirmhíniú agus a fheidhmiú, de réir comhthéacs
- Fadhbanna a réiteach a bhaineann le meánluas, fad slí agus am

#### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Roinn 2 Snáithe 4

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.2

Deich dtréimhse ranga

#### Teideal

Coibhnis líneacha agus chearnacha a léiriú agus a scrúdú le táblaí, léaráidí, graif agus foirmlí

#### Acmhainní

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Buneolas ar Phatrúin*

*Patrúin: Coibhnis san Ailgéabar*

*Leabhrán cheardlann 4 (ciúbanna unifix agus fadhbanna boscaí airgid)*

Bogearra dinimiciúil




#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Táblaí, léaráidí, samhlacha fisiceacha, graif agus foirmlí a úsáid mar uirlisí chun patrúin agus coibhnis líneacha a léiriú agus a anailísiú ionas gur féidir
  - Athróga agus tairisigh a shainaithe, agus a bheith in ann iad a aithint sna léirithe difriúla
  - Na léirithe a úsáid chun a bheith ag réasúnú faoin gcomhthéacs ónar díorthaíodh an coibhneas agus, a gcuid tuairimíochta a roinnt le daoine eile
  - An ráta athraithe agus an  $y$ -idirlíne a phlé
  - Patrúin agus coibhnis a mhíniú le focail agus le huimhreacha, agus na rialacha ginearálta a thabhairt
  - A aithint gurb é an ráta tairiseach athraithe an ghné shonrach de choibhneas líneach
  - A fháil amach an bhfuil luach coiteann ag dhá choibhneas líneacha (féach an dtrasghearrann dhá líne agus an áit a bhfuil an pointe trasghearrtha).
  - A bheith in ann idirdhealú idir choibhnis den fhoirm  $y = mx$  (coibhnis chomhréireacha) agus coibhnis den fhoirm  $y = mx + c$  (coibhnis neamhchomhréireacha)

- An coincheap d'fheidhm líneach mar choibhneas idir tacar ionchur agus tacar aschur, nuair atá ceangal ag gach ionchur le haon aschur amháin
  
- Táblaí, léaráidí, samhlaí fisiceacha, graif agus foirmlí a úsáid mar uirlisí chun patrúin agus coibhnis chearnacha a léiriú agus a anailísiú:
  - A aithint go mbaineann éagsúlacht leis an athrú i gcás coibhnis chearnacha – gur sainghné de na coibhnis chearnacha í an éagsúlacht san athrú, agus go mbíonn ráta athraithe an ráta athraithe tairiseach
  - An coincheap d'fheidhm chearnach mar choibhneas idir tacar ionchur agus tacar aschur áit a mbíonn ceangal ag gach ionchur le haon aschur amháin

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Roinn 3 Snáithe 3

### Bunmaoineamh Cheacht 2.3

Deich dtréimhse ranga

#### Teideal

Uimhríocht fheidhmeach

#### Acmhainní

Tástáil dhiagnóiseach i gcás codáin (Féach Ceardlann 3 [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*Pleananna Teagaisc agus Foghlama:*

Deighiltí  
Codáin choibhéiseacha  
Codáin a shuimiú agus a dhealú  
Codáin a iolrú  
Codáin a roinnt  
Deachúlacha  
Céatadáin  
Cóimheas agus comhréir


CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na huimhíocháirais **N, Z, Q** (ó Bhliain a hAon)
- Codáin, deachúlacha, céatadáin, cóimheas agus comhréir i gcomhthéacsanna a bhaineann le:
  - Fadhbanna a réiteach, e.g. fón póca agus na taraifí éagsúla, idirbhearta le hairgeadra, siopadóireacht, CBL agus na léimh a dhéantar ar mhéadair
  - Brabús nó cailteanas, % brabúis nó cailteanais (ar an gcostphraghas), lascaine agus % lascaine, an praghas díola
  - An tÚs Iolraithe, gan dul thar trí bliana
  - Cáin ioncaim (an ráta caighdeánach amháin)
  - Glanphá (agus asbhaintí eile nuair is méideanna sonraithe atá i gceist)
  - An t-áireamh a dhéanamh i gcás “luach ar airgead” - “na sumáí a dhéanamh”, agus a bheith in ann breithiúnas a dhéanamh maidir le “luach ar airgead”

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie/">http://www.projectmaths.ie/</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	--

**Bunsmaoineamh Cheacht 2.4**

Sé thréimhse ranga

**Teideal**

Uimhríocht Fheidhmeach 2

**Acmhainní**

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

**Ábhar an Cheachta**

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Fadhbanna imlíne agus fadhbanna achair i gcás na bhfíoracha plánacha seo a leanas: diosca, triantán, dronuilleog, cearnóg – agus na fíoracha a dhéantar má chuirtear iad sin le chéile (súil siar agus tógáil ar ábhar bhliain a haon)
- An coibhneas idir imlíne ciorcail, trastomhas ciorcail agus  $\pi$
- Na heangái a fhreagraíonn do sholaid dhronuilleogacha (súil siar ar ábhar bhliain a haon)
- Achar dromchla na solad dronuilleogach (súil siar ar ábhar bhliain a haon)
- Toirt na solad dronuilleogach agus toirt sorcóirí

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmoineamh Cheacht 2.5

Trí thréimhse ranga

### Teideal

Rialacha do na séana

### Acmhainní

CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na rialacha do na séana  $a \in \mathbf{Z}$ ,  $a \neq 0$ ,  $p, q \in \mathbf{N}$ :

$$a^p a^q = a^{p+q}$$


$$\frac{a^p}{a^q} = a^{p-q}$$

$$(a^p)^q = a^{pq}$$

Leas a bhaint as an nodaireacht  $a^{\frac{1}{2}}$ ,  $a \in \mathbf{N}$

- Uimhreacha deimhneacha cóimheasta seachas náid a shloinneadh san fhoirm  $a \times 10^n$ , nuair atá  $n = 0$  nó  $n \in \mathbf{N}$  agus  $1 \leq a < 10$  agus comhthéacsanna gnáthshaoil i gceist
- An tslí le deilíní a ríomh

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Roinn 4 Snáithe 4

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.6

Ceithre thréimhse ranga

#### Teideal

Súil siar: ag tógáil ar na sloinn ailgéabracha agus ar na bunchothromóidí líneacha ó bhliain a haon

#### Acmhainní

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Cothromóidí*

CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na séana san ailgéabar (séana  $\mathbb{N}$ )
- Téarmaí, comhéifeachtaí agus sloinn
- Téarmaí a shuimiú :  $(ax + by + c) \pm (dx + ey + f)$   
 $(ax^2 + bx + c) \pm (dx^2 + ex + f)$

$$(ax + by + c) \pm \dots \pm (dx + ey + f)$$

$$(ax^2 + bx + c) \pm \dots \pm (dx^2 + ex + f) \text{ nuair atá } a, b, c, d, e, f \in \mathbb{N}$$

- Sloinn ailgéabracha a ghiniúint as comhthéacsanna simplí
- Sloinn a luacháil den fhoirm

$$ax + by$$

$$a(x + y)$$

$$x^2 + bx + c$$

$$\frac{ax + by}{cx + dy}$$

$$axy$$

$$axy$$

$$\text{nuair atá } a, b, c, d, x, y \in \mathbb{Z} \text{ (gnáthleibhéal)}$$

$$ax^2 + bx + c$$

nuair atá  $a, b, c, d, x, y \in \mathbb{Q}$  (ardleibhéal)

- Téarmaí agus sloinn a iolrú, agus lúibíní san áireamh: an dlí comhthiomsaitheach agus dlí an dáilte (samhail eagair a úsáid)
- $a(bx + cy + d) + e(fx + gy + h)$

$$a(bx + cy + d) + \dots + e(fx + gy + h)$$

$$a(bx^2 + cx + d)$$

$$ax(bx^2 + c) \text{ nuair atá } a, b, c, d, e, f, g, h \in \mathbb{Z}$$

$$(x + y)(x + y)$$

$$(x - y)(x - y)$$


$$(ax + b)(cx + d)$$

**Ábhar ardleibhéal:**

$$(x + y)(x + y)$$

$$(x - y)(x - y)$$

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmoineamh Cheacht 2.7

Ocht dtréimhse ranga

**Teideal**

Fachtóirí ailgéabracha

**Acmhainní**

CD an Dalta 


**Ábhar an Cheachta**

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:



- Dlí an dáilte a úsáid chun sloinn a iolrú
  - Sloinn a fhachtóiriú, ar nós:
    - $ax, axy$  nuair atá  $a \in \mathbf{Z}$
    - $abxy + ay$  nuair atá  $a, b \in \mathbf{Z}$
    - $ax^2 + bx$  nuair atá  $a, b \in \mathbf{Z}$
    - $sx - ty + tx - sy$  nuair is athróga iad  $s, t, x, y$
    - $x^2 + bx + c$ , nuair atá  $b, c \in \mathbf{Z}$
    - $x^2 - a^2$
- Ábhar ardleibhéil:**
- $ax^2 + bx + c, a \in \mathbf{N}, b, c \in \mathbf{Z}$
  - $a^2x^2 - b^2y^2$ , nuair atá  $a, b \in \mathbf{N}$

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.8

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

Codáin ailgéabracha a shuimiú

### Acmhainní

CD an Dalta 


### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Sloinn a shuimiú, ar nós:
- $\frac{ax+b}{c} \pm \frac{dx+e}{f}$  nuair atá  $a, b, c, d, e, f \in \mathbf{Z}$

$$\frac{ax+b}{c} \pm \dots \pm \frac{dx+e}{f} \text{ nuair atá } a, b, c, d, e, f \in \mathbf{Z}$$

## Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.9

Ocht dtréimhse ranga

## Teideal

Cothromóidí líneacha in aon athróg amháin agus in dhá athróg, agus éagothromóidí líneacha in aon athróg amháin

## Acmhainní

Plean Teagaisc agus Foghlama:

*Cothromóidí*

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

## Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An chothroime mar choincheap, agus a bhfuil i gceist le cothromóid
- Straitéisí feiliúnacha (straitéisí grafacha, straitéisí uimhriúla, straitéisí ailgéabracha) a úsáid chun cothromóidí in aon athróg amháin a réiteach nuair atá na comhéifeachtaí ina mbaill de  $\mathbf{Z}$  agus na réitigh in  $\mathbf{Z}$  mar aon le cothromóidí den fhoirm
 
$$\frac{ax+b}{c} \pm \frac{dx+e}{f} = \frac{g}{h}$$
 nuair atá  $a, b, c, e, f, g, h \in \mathbf{Z}$
- Straitéisí feiliúnacha (straitéisí grafacha, straitéisí uimhriúla, straitéisí ailgéabracha) a úsáid chun cothromóidí in dhá athróg a réiteach nuair atá na comhéifeachtaí ina mbaill de  $\mathbf{Z}$  agus na réitigh in  $\mathbf{Z}$
- Réiteach a fháil ar éagothromóidí líneacha in aon athróg amháin, den fhoirm
 
$$g(x) \leq k$$
 nuair atá  $g(x) = ax + b, a \in \mathbf{N}$  agus  $b, k \in \mathbf{Z}$
- Tacair réitigh a ghrafadh ar an uimhirlíne d'éagothromóidí líneacha in aon athróg amháin

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

**Bunsmaoineamh Cheacht 2.10**

Cúig thréimhse ranga

**Teideal**

Cothromóidí cearnacha a réiteach

**Acmhainní***Plean Teagaisc agus Foghlama:**Cothromóidí**Cothromóidí cearnacha*

CD an Dalta




Bogearra dinimiciúil

**Ábhar an Cheachta**

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Straitéisí feiliúnacha (straitéisí grafacha, straitéisí uimhriúla, straitéisí ailgéabracha) a úsáid chun cothromóidí cearnacha a réiteach atá san fhoirm  $x^2 + bx + c = 0$  nuair atá  $b, c \in \mathbb{Z}$  agus nuair atá fachtóirí ag  $x^2 + bx + c$
- Fadhbanna simplí a réiteach a bhaineann le cothromóidí cearnacha

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Roinn 5 Buneolas ar Teoirim Phótagarás

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.11

Dhá thréimhse ranga

#### Teideal

Teoirim Phótagarás

#### Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Grafpháipéar

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Teoirim Phótagarás nuair a úsáidtear samhlacha, agus rialacha ginearálta a bhunú ar na torthaí le cabhair an ailgéabair
- Nach bhfuil teorainn le líon na dtriarach Píotagarásach atá ann, is é tá *líon éigríochta* triarach Píotagarásach ann.

#### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie/">http://www.projectmaths.ie/</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	--

## Roinn 6 Céimseata Chomhordanáideach líne

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.12

Tréimhse ranga amháin

#### Teideal

Súil siar ar ábhar bhliain a haon ar an bplána comhordanáidi

#### Acmhainní

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 6: Plánaí agus Pointí*

*An Plána Cairtéiseach á chur i láthair le gníomhaíochtaí éagsúla do na daltaí*

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An plána, pointí, línte, mírlínte, gatháin (leathlínte/ rays), pointí comhlíneacha, fad mírlíne
- Comhordanáidí agus an plána
- Pointí ar an bplána a aimsiú le comhordanáidí

#### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie/">http://www.projectmaths.ie/</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	--

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.13

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

Lárphointe mírlíne

### Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

Grafpháipéar

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An coincheap de lárphointe mírlíne, agus an coincheap sin a cheangal le coincheap an mheáin sa staitistic
- Riail ghinearálta an choincheapa sin a úsáid chun foirmle an lárphointe sa Chéimseata Chomhordanáideach a oibriú amach

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.14

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

Fad mírlíne

### Acmhainní

Grafpháipéar eolaíochta, foireann uirlisí matamaitice

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*An fhoirmle don fhad*

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na huirlisí agus na haonaid a úsáidtear nuair a bhíonn fad slí le tomhas
- Mar a úsáidtear Teoirim Phíotagarás chun an fad slí a thomhas
- Foirmle an fhaid sa Chéimseata Chomhordanáideach agus an ceangal idir í agus Teoirim Phíotagarás
- An ceangal idir lárphointe mírlíne agus fad mírlíne

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.15

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

Fána líne

### Acmhainní

Grafpháipéar, foireann uirlisí matamaitice, bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na ceangail idir fána agus ráta fáis
- Na ceangail atá aige sin le comhthéacs gnáthshaoil (m.sh. planda a fhásann ar ráta tairiseach)
- Riail ghinearálta amach chun an fhoirmle d'fhána líne a oibriú amach

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Bunsmoineamh Cheacht 2.16

Ceithre thréimhse ranga

### Teideal

Cothromóid líne

### Acmhainní

Grafpháipéar, foireann uirlisí matamaitice

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na ceangail le comhthéacs gnáthshaoil (mar shampla, planda a fhásann ar ráta tairiseach)
- Táblaí, graif agus léaráidí a úsáid i gcás cothromóid líne
- An ceangal idir an  $y$ -idirlíne, an fhána agus cothromóid líne
- Cothromóid líne sna foirmeacha:
  - $y = mx + c$
  - $y - y_1 = m(x - x_1)$
  - $ax + by + c = 0$  (**AL amháin**)
- An ceangal idir an  $x$ -idirlíne, an  $y$ -idirlíne agus cothromóid líne ó thaobh graif de, agus ó thaobh an ailgéabair de
- Pointí atá (agus nach bhfuil) ar líne áirithe, ó thaobh graif de agus ó thaobh an ailgéabair de
- Na hairíonna atá ag cothromóid líne

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---



## Bunsmaoineamh Cheacht 2.17

Trí thréimhse ranga

### Teideal

Línte ag trasghearradh

### Acmhainní

Grafháipéar, foireann uirlisí matamaitice

Bogearra dinimiciúil


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Táblaí, graif agus an t-ailgéabar a úsáid i gcás línte atá ag trasghearradh
- Ceangail le comhthéacsanna saoil (mar shampla, comparáid idir phlandaí a fhásann ar rátaí tairiseacha difriúla agus a raibh airdí tosaigh difriúla acu)

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

## Roinn 7 Tacair

### Bunsmaoineamh Cheacht 2.18

Ceithre thréimhse ranga

#### Teideal

Tacair – súil siar ar ábhar bhliain a haon, mar aon le difríocht dhá thacar agus comhlánú tacair

#### Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice


CD an Dalta 

#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- A bhfuil i gceist le tacar: an coincheap gur bailiúchán nithe atá ann, agus na nithe sin sainmhínithe go soiléir; tacair chothroma
- Léaráidí Venn, an t-uilethacar, tacar folamh (tacar gan bhaill/ tacar nialasach), fothacar, bunuimhir tacair, nodaireacht na dtacar
- Aontas agus idirmhír mar oibreoirí ar dhá thacar
- Difríocht dhá thacar
- Comhlánú tacair
- An chómhalmartacht (an t-airí cómhalmartach) a iniúchadh nuair a bhíonn idirmhír nó aontas i gceist
- Fadhbanna a réiteach a mbeadh tacair iontu

#### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie/">http://www.projectmaths.ie/</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	--

## Roinn 8 Dóchúlacht agus Staitisticí

### Bunmaoineamh Cheacht 2.19

Trí thréimhse ranga

#### Teideal

Súil siar ar bhunphrionsabal an chomhairimh agus ar dhóchúlacht bhliain a haon

#### Acmhainní

*Pleananna Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 1: Tús Eolais ar an Dóchúlacht*

*Plean 2: An Dóchúlacht agus an Mhinicíocht Choibhneasta*

*Acmhainní Daltaí CNCM*




#### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a dhéantar turgnamh
- An tslí le bunphrionsabal an chomhairimh a fheidhmiú
- An t-idirdhealú idir teagmhais chinnte agus teagmhais neamhchinnte
- A bheith in ann a rá as do thaithí cé acu an cosúil go dtarlóidh/ nach dtarlóidh teagmhais (eachtraí/ nithe) áirithe
- Daltaí a bheith in ann teagmhais a chur in ord dealraitheachta, ar speictream dealraitheachta ó ‘caolsheans’ (=‘ar éigean’= ‘an ceann is neamhdhealraithe’=‘an ceann is lú is cosúil’) ag ceann amháin go dtí ‘an-seans’ (=‘gach seans’= ‘an ceann is dealraithe’= ‘an ceann is mó is cosúil’) ag an gceann eile, agus a bheith in ann míniú a thabhairt ar an rogha atá molta acu i ngach cás
- Scála ó 0 go dtí 1 a úsáid chun gnáth-theagmhais (tarluithe coitianta) neamhchinnte (a bheadh ag brath ar an seans) a chur in ord, go neamhfhoirmiúil
- Dóchúlachtaí a léiriú agus a léirmhíniú mar chodáin, mar dheachúlacha agus mar chéatadáin
- Dóchúlacht teagmhais a léiriú mar chodán nó mar dheachúil idir 0 agus 1, nó mar chéatadán
- Fothorthaí atá lán chomh dealraitheach lena chéile
- An tslí leis na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a dhéantar turgnamh praiticiúil ar nós díisle féaráilte a rolláil
- Go mbíonn na fothorthaí neamhspleách ar a chéile le gach caitheamh díisle (gach uair a chaitear díisle nó péire díslí)
- Turgnaimh a dhéanamh chun an mhinicíocht choibhneasta do gach fothoradh ar leith a ríomh, agus nótaíl mar a dhruideann an mhinicíocht choibhneasta leis an dóchúlacht fhéideartha de réir mar a dhéantar níos mó trialacha
- I gcás fothorthaí a bhfuil an dóchúlacht chéanna leo (fothorthaí comhdhóchúla), an prionsabal go bhfuil an dóchúlacht cothrom le: líon na bhfothorthaí a bhfuil spéis iontu roinnte ar líon iomlán na bhfothorthaí
- Roinnt Téarmaí: triail, fothoradh, tacar na bhfothorthaí féideartha uile, an mhinicíocht choibhneasta, teagmhas, dóchúlacht theoriciúil, fothorthaí comhdhóchúla
- Dóchúlachtaí a mheas ó shonraí turgnamhacha

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p> <p><a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a></p> <p><a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a></p>
---	--

**Bunsmaoineamh Cheacht 2.20**

Trí thréimhse ranga

**Teideal**

Trialacha féaráilte le dhá dhísle

**Acmhainní**

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 3: Trialacha Féaráilte le Dhá Dhísle*

*Acmhainní Daltaí CNCM*


CD an Dalta

**Ábhar an Cheachta**

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Nuair a chaitear dhá dhísle, na fothorthaí féideartha uile a liostú ar thábla 2 threo (síos/ trasna)
- An tslí leis an ngaol a léiriú idir líon na bhfothorthaí agus bunphrionsabal an chomhairimh
- A bhfuil i gceist leis an bhféaráilteacht (*coincheap na féaráilteachta*) i gcluiche le dhá dhísle
- An tslí le rialacha cluiche a cheapadh a dhéanfadh cluiche féaráilte/ cluiche mífhéaráilte de
- An tslí le tábla dóchúlachtaí a thógáil
- An gaol idir teagmhas agus a chomhlánú
- Dóchúlacht teagmhais a oibriú amach ó thorthaí turgnaimh, agus an t-eolas sin a úsáid chun toradh an turgnaimh a thuar má dhéantar an turgnaimh arís, i gcás fothorthaí comhdhóchúla (fothorthaí a mbeadh an dóchúlacht chéanna leo)

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

	<a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a> <a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
--	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.21

Trí thréimhse ranga

### Teideal

Na fothorthaí nuair a chaitear dhá bhonn in airde, léaráidí crainn san áireamh, agus bonn amháin agus díse amháin a chaitheamh in airde

### Acmhainní

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 4: Fothorthaí ar Bhoinn a chaitheamh in airde*

*Acmhainní CNCM do Dhaltaí*


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear bonn in airde, agus dóchúlacht ceann nó cruit a oibriú amach
- Na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear dhá bhonn in airde
- Léaráid chrainn agus tábla dhá threo a úsáid chun na fothorthaí féideartha uile a liostú nuair a chaitear bonn in airde
- An ceangal a dhéanamh, agus a léiriú, idir líon na bhfothorthaí agus bunphrionsabal an chomhairimh
- Dóchúlacht teagmhais a oibriú amach ó thorthaí turgnaimh, agus an t-eolas sin a úsáid chun toradh an turgnaimh a thuar má dhéantar an turgnamh arís, i gcás fothorthaí comhdhóchúla
- A bhfuil i gceist leis an téarma ‘teagmhais neamhspleácha’.
- Léaráidí crainn agus táblaí dhá threo (síos agus trasna) a úsáid i gcomhthéacsanna eile

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a> <a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a> <a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a> <a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a>
---	--

<a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.22

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

An dóchúlacht agus cártaí imeartha; rothlóirí; umair a bhfuil nithe ar dhathanna difriúla iontu

### Acmhainní

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 5: Tús eolais ar Chártaí Imeartha*

*Acmhainní Daltaí CNCM*


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Gnáthphaca cártaí imeartha, na ‘foirne’ (na ‘dathanna’: hairt, muileataí, spéireataí, triufanna), an líon cártaí i ngach foireann agus an líon iomlán cártaí sa phaca; ainmneacha na gcartaí (an tAon Spéireata, an dó Muileata, an trí Hart, an ceathair Muileata, an cúig Muileata, an sé Hart, an seacht Spéireata, an tOcht Muileata, an Naoi Triuf, an deich Triuf, an Cuireata Triuf, an Bhanríon Triuf, an Rí Spéireata, Fear na gCrúb)
- An dóchúlacht theoriciúil a ríomh gur cártaí difriúla a phiocfar as an bpaca
- An dóchúlacht le rothlóirí, nó le humair a bhfuil nithe ar dhathanna difriúla iontu

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a> <a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a> <a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a> <a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a> <a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.23

Cúig thréimhse ranga

### Teideal

Staitisticí – Súil siar agus tógáil ar ábhar bhliain a haon, le hiniúchadh staitistiúil

**Acmhainní**

An Ciogal Láimhseála Sonraí (*The Data Handling Cycle* – le fáil: [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

NCE-MSTL 2009: *Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht*

PMDT: *Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5* ([www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*Acmhainní CNCM do Dhaltai*


Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”

**Ábhar an Cheachta**

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Na cúiseanna le staitisticí
- Staitisticí a úsáid chun faisnéis a bhailiú ó shampla den daonra ar mhaithe le ginearáluithe a dhéanamh faoin daonra iomlán
- Míthuiscintí i gcás staitisticí, agus an mhí-úsáid a bhaintear as staitisticí uaireanta
- Ceist amháin (nó níos mó) a cheapadh a d’fhéadfaí a fhreagairt le sonraí
- Iniúchadh a phleanáil a bhaineann le staitisticí, agus an ciogal láimhseála sonraí a úsáid san iniúchadh :
  - Ceist amháin (nó níos mó) a chur ar féidir iad a fhreagairt le sonraí
  - Sonraí a bhailiú
  - Na sonraí a anailísiú
  - Na torthaí a léirmhíniú
  - An cheist a choigeartú, más gá
- Slite difriúla le sonraí a bhailiú, leis an gceistneoir *CensusAtSchool* mar shampla
- **Mar a roghnaítear sampla (sampla randamach simplí)**
- **A thábhachtaí atá sé go mbeadh an sampla ionadaíoch, chun samplaí laofa a sheachaint**
- Na catagóirí difriúla sonraí:
  - Sonraí de réir catagóirí (ainmniúil, oird)
  - Sonraí uimhriúla (iad scoite nó leanúnach)
- Sonraí a choimriú i bhfoirm léaráide, scarbhileoga san áireamh
- Barrachairteacha, línebhreacthaí, agus léaráidí gais is duillí a úsáid chun sonraí a léiriú
- Na modhanna grafacha cuí a roghnú a thugann cuntas ar an sampla
- Tomhais lárluitheachta: an meán, an mód, an t-airmheán
- An raon ina thomhas den spré (den leathadh)

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha**

	<a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a> <a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a> <a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a> <a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a> <a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
---	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.24

Ceithre thréimhse ranga

### Teideal

An ciogal láimhseála sonraí do shonraí catagóireacha

### Acmhainní

*An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle* – le fáil: [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht*

*PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5* ([www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*Acmhainní CNCM do Dhaltai*

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”




### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Ceist a chumadh a thugann sonraí catagóireacha (as ceistneoir *CensusAtSchool* b'fhéidir)
- An tslí le sonraí catagóireacha a bhailiú (as ceistneoir *CensusAtSchool* b'fhéidir)
- Barrachairteacha mar léiriú grafach ar na sonraí catagóireacha: an mhinicíocht ar an  $y$ -ais
- Barrachairteacha mar léiriú grafach ar na sonraí catagóireacha: agus an mhinicíocht choibhneasta (céatadáin) a chur ar an  $y$ -ais
- Línebhreacadh a úsáid mar léiriú grafach ar shonraí catagóireacha
- Píchairteacha a úsáid don chomparáid idir “páirt agus an t-iomlán”, i gcomhthéacs obair a rinneadh níos luaithe ar chóimheas agus comhréir
- A éifeachtaí atá na léirithe grafacha éagsúla i gcás sonraí catagóireacha
- An mód a úsáid mar thomhas lárluiteachta
- Na Tátail is féidir a bhaint maidir leis an mbuncheist a cuireadh

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p> <p><a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a></p> <p><a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a></p>
---	--



## Bunsmaoineamh Cheacht 2.25

Cúig thréimhse ranga

### Teideal

An ciogal láimhseála sonra do shonraí uimhriúla leanúnacha

### Acmhainní

*An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle* – le fáil: [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht*

*PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5* ([www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))

*Acmhainní CNCM do Dhaltai*

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool* a úsáid”


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- Ceist a chur a thugann sonraí uimhriúla leantacha (as an gceistneoir “CensusAt School”, b’fhéidir)
- Sonraí uimhriúla leantacha a bhailiú (as an gceistneoir “Census at School”, b’fhéidir)
- Línebhreacadh a úsáid, chun na sonraí uimhriúla leantacha neamhghrúpáilte a léiriú go grafach, más féidir
- Breacadh gais is duillí a úsáid mar léiriú grafach ar na sonraí uimhriúla leantacha neamhghrúpáilte
- An rud a tharlaíonn má scoiltear na gais i mbreacadh gais is suillí, agus má fheileann na sonraí
- An raon mar thomhas den spré (leathadh)
- An tslí le sonraí a ghrúpáil i rangeatraimh chothroma i dtábla minicíochtaí grúpáilte
- Histeagraim le rangeatraimh chothroma a dhéanamh do shonraí leantacha, agus an ceangal idir iad agus na breachtaí gais is duillí
- Histeagraim, agus an mhinicíocht choibhneasta (céatadáin) ar an y-ais.
- An tionchar a bhíonn ag leithead na n-eatramh ar an bhfaisnéis a léirítear le histegram
- A éifeachtaí a bhíonn na léirithe grafacha éagsúla i gcás sonraí leantacha uimhriúla
- Mar a dhéantar cur síos ar an ngné thipiciúil sna sonraí leis na léirithe grafacha éagsúla, agus coincheapa crutha agus tomhais lárluiteachta a úsáid: an meán, an mód, an t-airmheán
- **An meán i gcás dáileadh minicíochta grúpáilte (AL amháin)**
- An ceangal idir an léirmhíniú agus an bhuncheist a cuireadh

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<p><a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a></p> <p><a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a></p> <p><a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a></p>
---	---

	<a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a> <a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
--	---

## Bunsmaoineamh Cheacht 2.26

Dhá thréimhse ranga

### Teideal

Éifeachtúlacht na léirithe difriúla a mheas i gcás torthaí iniúchadh staitistiúil atá déanta ag daoine eile

### Acmhainní

*An Ciogal Láimhseála Sonraí (The Data Handling Cycle – le fáil: [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))*

*NCE-MSTL 2009: Cúrsa Samhraidh sa Staitistic agus Dóchúlacht*

*PMDT: Staitistic agus Dóchúlacht, cúrsa oíche 2010, modúil 1 -5 ([www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie))*

*Acmhainní CNCM do Dhaltai*

*Léirithe grafacha sonraí as foinsí sna meáin*

Aguisín C den doiciméad seo “*CensusAtSchool a úsáid*”


CD an Dalta 

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An chaoi leis an éifeachtúlacht a mheas i gcás na léirithe éagsúla ar thorthaí iniúchadh staitistiúil atá déanta ag daoine eile

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha

	<a href="http://www.projectmaths.ie">www.projectmaths.ie</a> <a href="http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/">http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Project_Maths/</a> <a href="http://www.examinations.ie/">http://www.examinations.ie/</a> <a href="http://www.CensusAtSchool.ie">www.CensusAtSchool.ie</a> <a href="http://www.cso.ie/">http://www.cso.ie/</a>
---	---

## Roinn 9 Céimseata Shintéiseach 1

### Ord teagaisc féideartha do dhaltaí bhliain a dó

Cé nach é an cruthúnas is tábhachtaí sa chur i láthair neamhfhoirmiúil, tá sé tábhachtach mar sin féin go dtuigfeadh na daltaí go dtógann na teoirimí ar a chéile in ord loighciúil.

#### Coincheapa:


Tacar, plána, pointe, líne, gathán (leathlíne/ ray: líne dhíreach a shíneann go héigríoch in aon treo amháin ó phointe fosaithe), uillinn, réaduimhir, fad, céim/ céimeanna. Triantán, dronuillinn, triantáin iomchuí, línte comhthreomhara, achar, mírlíne, pointí comhlíneacha, uillinn athfhillteach, gnáthuillinn, uillinn dhíreach, fad slí, uillinn nialasach, uillinn iomlán, uillinneacha comhlántacha, rinnuillinneacha urchomhaireacha, géaruillinn, maoluillinn, déroinnteoir uillinne, línte ingearacha, déroinnteoir ingearach mírlíne, triantán comhchosach, triantán comhshleasach, triantán scailéanach, triantán dronuilleach, uillinneacha seachtracha triantáin, trasnaí, na huillinneacha urchomhaireacha inmheánacha, uillinneacha ailtéarnacha, uillinneacha comhfhreagracha, ciorcal.

**Féach** an siollabas “**Céimseata do Mhatamaitic Iar-Bhunscoile**”, mar a bhfuil cúrsa comhaontaithe céimseatan do Mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta araon. Gheofar na torthaí foghlama do leibhéil dhifriúla an tsíollabais i Snáithe 2 den doiciméad siollabais cuí.

**Féach** “**Céimseata - Na Leibhéil Dhifriúla Smaoinimh: Teoiric Van Hiele**” in Aguisín A

**Féach** “**Treoir: Teoirimí, Aicsímí agus Tógálacha do gach Leibhéal**” in Aguisín B

Tá a oiread leas agus is féidir á bhaint as an Teicneolaíocht Faisnéise chun cuidiú le coincheapa matamaiticiúla a chur i láthair na ndaltaí go héifeachtach. Aon áit sa doiciméad seo a bhfuil an

**tsiombail**  le feiceáil, sin léiriú go bhfuil modúl TF idirghníomhach ar CD an Dalta atá dírithe ar an ngné sin..

Moltar go láidir do mhúinteoirí freisin na smaointe faoi Cheachtanna Céimseatan in “Treoirínte an Teastais Shóisearaigh do Mhúinteoirí” (“Junior Certificate Guidelines for Teachers” - DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais). Nó is féidir é a íoslódáil ó [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie).

Faoi mar a dúradh sna ceardlanna, is féidir an chéimseata a dhéanamh i bhfad níos taitneamhaí do dhaltaí ar gach leibhéal ábaltachta ach áiseanna ar nós geostiallacha (“geostrips”), géaga uillinne (“anglegs”), geochláir (“geo-boards”) etc. a úsáid, mar go mbeidh na daltaí in ann iad a ionramháil.

### Maidir le turgnaimh agus torthaí turgnamhacha:

Nuair a dhéantar turgnaimh phraiticiúla (trialacha) a mbíonn tomhais i gceist iontu, is minic nach é an freagra cruinn a mbeifeá ag súil leis a fhaigheann tú, ach neasfhigiúr (figiúr atá réasúnta gar dó). Tá sé tábhachtach go mbeadh na daltaí ionraic faoi na torthaí a fhaigheann siad, agus go gláródís iad go firinneach. I gcás uillinneacha triantáin mar shampla, seans go bhfaighfear go bhfuil suim na n-uillinneacha cothrom le  $179^0$  nó  $181^0$ , etc. An tátal atá le baint as an méid sin, gur cosúil go bhfuil suim na n-uillinneacha cothrom le  $180^0$ . Sin hipitéis oibre a bhfuil dealramh leis. Ní mar a chéile an méid is féidir a fháil amach agus an méid is féidir a chruthú.

I mbliain 1 is focail a bhí in úsáid againn agus muid ag plé le turgnaimh. Tosaímid ag réiteach fadhbanna i gcomhthéacsanna praiticiúla i mbliain 2, agus i mbliain 3 féachfaimid le rudaí a chruthú.

## Bunsmoineamh Cheacht 2.27

Tréimhse ranga amháin

### Teideal

Súil siar ar ábhar bhliain a haon – Ceachtanna 1.12 agus 1.13 arís ó bhonn

Céimseata: na réamhchoincheapa

### Acmhainní

Foireann uirlisí matamaitice

*Plean Teagaisc agus Foghlama:*

*Plean 6: Plánaí agus Pointí*

*Plean 7: Tús Eolais ar Uillinneacha*

*Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iarbhunscoile*

*Junior Certificate Guidelines for Teachers* (DES 2002, An Oifig Foilseachán Rialtais €3.81). Nó is féidir é a íoslódáil ó [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie).

Bogearra dinimiciúil




CD an Dalta

### Ábhar an Cheachta

Sna ceachtanna seo, beidh na daltaí ag plé leis an méid thíos a iniúchadh agus a thuiscint:

- An plána, pointí, líne, mírlíne, gathán (leathlíne/ ray: líne ó phointe fosaithe a shíneann go héigríoch in aon treo amháin), pointí comhlíneacha, fad mírlíne
- **Aicsím 1:** Níl ach aon líne amháin a théann trí aon dá phointe a thugtar.
- **Aicsím 2:** [Aicsím an rialóra]: Na hairíonna atá ag an bhfad idir phointí (*Cúrsa Céimseatan do Mhatnamaitic Iar-Bhunscoile* lch 34)
- Uillinn mar rothlú, uillinneacha i dtreoshuíomhanna difriúla
- Uillinneacha a mheas i gcéimeanna, uillinneacha a ainmniú
